2024.M23T

2024L005G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## Dé hAoine 7 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit úsáid a bhaint as peann luaidhe i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A hAON** | Ceisteanna Gearrfhreagra | **100 marc** |
| | Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith. | |
| | Tá na ceisteanna go léir ar cómharc. | |

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A DÓ** | Ceisteanna Struchtúrtha | **300 marc** |

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)

Is féidir an tríú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

## 1. Teicteonaic Plátaí




Curtha in oiriúint ó www.techexplorist.com

Scrúdaigh an léaráid thuas ina dtaispeántar teorainn plátaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an téarma is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.


| Téarma | Litir |
|---|---|
| An maintlín | |
| Gníomhaíocht bholcánach | |
| Pláta fodhuchtaithe | |
| Pláta ilchríochach | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.
Sa léaráid thuas taispeántar sampla de theorainn plátaí scriosach.

Fíor ☐

Bréagach ☐ **[10m]**

## 2. Carraigeacha




Curtha in oiriúint ó SGÉ

Scrúdaigh an léarscáil thuas ar a dtaispeántar buncharraig na hÉireann agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na suíomhanna **A** agus **B** ar an léarscáil leis an gcineál ceart carraige thíos.

| Cineál Carraige | Suíomh |
|---|---|
| Gaineamhchloch | |
| Aolchloch | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu samplaí de bhruthcharraigeacha nó de charraigeacha dríodair iad aolchloch agus gaineamhchloch.

Bruthcharraig ☐


Carraig Dhríodair ☐

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál ar bith de charraig mheiteamorfach.

| | |
|---|---|
| 1: | |
| 2: | |

**[10m]**

**3. Aibhneacha**



Curtha in oiriúint ó www.eschooltoday.com

Scrúdaigh an léaráid de phróifíl abhann thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D** leis an téarma is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Lúb | |
| Cumar | |
| Craobh-abhainn | |
| Deilt | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas:


Tugtar an cúrsa uachtarach ar an gcuid sin de phróifíl na habhann a bhfuil an lipéad **F** uirthi.

Fíor ☐

Bréagach ☐

**[10m]**

## 4. Próisis Dromchla



Curtha in oiriúint ó www.mistermoose.org



Curtha in oiriúint ó www.geograph.org.uk



Curtha in oiriúint ó www.geograph.org.uk



Curtha in oiriúint ó www.bbc.co.uk

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| **Tírghné** | **Litir** |
|---|---|
| Screathan | |
| U-ghleann | |
| Fargáinín | |
| Gob gainimh | |

(ii) Cén ceann de na próisis seo a leanas is mó a luaitear le foirmiú U-ghleanna?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Creimeadh ☐

Sil-leagan ☐

**[10m]**

**5. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun **an cineál réigiúin** a mheaitseáil leis an **sampla den réigiún** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | An Cineál Réigiúin |
|---|---|
| **A** | Réigiún cultúrtha |
| **B** | Réigiún uirbeach |
| **C** | Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl |
| **D** | Réigiún riaracháin in Éirinn |
| **E** | Réigiún aeráide |

| Sampla den Réigiún | Litir |
|---|---|
| Gleann an Sambre Meuse, an Bheilg | |
| Londain | |
| An Domhan Ioslamach | |
| Fionnuar Measartha Aigéanach | |
| Comhairle Contae na Mí | |

**[10m]**

**6. Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén limistéar de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ina bhfuil baile Bheanntraí suite?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Thiar theas ☐

Thoir theas ☐

(ii) Cén fad atá i mbóthar an R584 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag W 043 560 go dtí an áit a mbuaileann sé le bóthar an N71 ag W 005 533?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

4.8 km ☐

5.6 km ☐

**[10m]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an ghné a thaispeántar ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

| |
|---|
| V 999 509: |
| W 026 477: |
| W 098 473: |

(ii) Cén airde, i méadair, atá sa spotairde ag W 074 557?

(iii) Sa spás thíos, tarraing an tsiombail a bhíonn ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis do ghníomhaíochtaí bádóireachta.

**[10m]**

**8. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bheanntraí a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| (i) | Tá cuan sa tulra ar dheis. | ☐ | ☐ |
| (ii) | Tá eastát tithíochta sa tulra ar chlé. | ☐ | ☐ |
| (iii) | Tá talamh talmhaíochta sa lár ar dheis. | ☐ | ☐ |
| (iv) | Tá carrchlós i lár an talaimh láir. | ☐ | ☐ |
| (v) | Is aerfótagraf ceartingearach é an t-aerfótagraf seo. | ☐ | ☐ |

**[10m]**

## 9. Gníomhaíochtaí Geilleagracha

A


B


C


D



Curtha in oiriúint ó www.wikipedia.org, www.rte.ie and www.irishexaminer.com

(i) Scrúdaigh na fótagraif thuas agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart sa tábla thíos chun a chur in iúl cé acu gníomhaíocht gheilleagrach Phríomhúil, Thánaisteach nó Threasach atá i ngach ceann díobh.


| Fótagraf | Príomhúil | Tánaisteach | Treasach |
|---|---|---|---|
| A | | | |
| B | | | |
| C | | | |
| D | | | |

(ii) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin NACH BHFUIL** le feiceáil sna fótagraif thuas.

| |
|---|
| |

**[10m]**

**10. Cairteacha Aimsire**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair an cheist a leanas.

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na lipéid **A** go **E** a mheaitseáil leis an ngné aimsire ar chairt na haimsire is fearr a mheaitseálann í.

| Gné Aimsire ar Cháirt na hAimsire | Litir |
|---|---|
| Fronta oclúidithe | |
| Limistéir ardbhrú | |
| Limistéir lagbhrú | |
| Fronta te | |
| Iseabar | |

**[10m]**

**11.** **Léirmhíniú ar Staitisticí**

Limistéar Talamh Foraoise i dTíortha Roghnaithe san AE in 2020

| Tír san AE | Limistéar Talamh Foraoise (ina mhílte heicteár) | % den Talamh faoi Fhoraoiseacht |
|---|---|---|
| An tSualainn | 27,980 | 63 |
| An Spáinn | 18,572 | 37 |
| An Ghearmáin | 11,468 | 32 |
| An Pholainn | 9,464 | 30 |
| Éire | 799 | 11 |
| An Danmhairg | 628 | 15 |

Curtha in oiriúint ó ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas faoin limistéar talamh foraoise (ina mhílte heicteár) agus an céatadán den talamh atá clúdaithe le foraois i dtíortha roghnaithe san AE in 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén limistéar talamh foraoise (ina mhílte heicteár) a bhí sa Spáinn?

(ii) Cén tír ina raibh 32% den talamh inti clúdaithe le foraois?


(iii) Cén tír ina raibh an limistéar talamh foraoise ba mhó?

(iv) Cén tír ina raibh an céatadán ba lú dá cuid talún clúdaithe le foraois?

(v) Mol tairbhe **amháin** do thír de bharr níos mó dá cuid talún a bheith clúdaithe le foraois.

**[10m]**

**12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas faoin tithíocht in Éirinn in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) As na tithe a raibh cónaí ar an úinéir iontu, an raibh níos mó díobh ann a raibh iasacht nó morgáiste ag baint leo **nó** an raibh níos mó díobh gan iasacht nó morgáiste?

(ii) Cén meánchíos seachtainiúil (in €) a bhí á íoc i nDún na nGall?

(iii) Cé mhéad teach cónaithe a raibh painéil ghréine orthu?

(iv) Cén chomhairle contae ag a raibh an líon ab airde tithe a raibh painéil ghréine orthu?

(v) Luaigh sampla **amháin** d'fhuinneamh in-athnuaite, seachas fuinneamh na gréine.

**[10m]**


# Freagarleabhar do Chuid a Dó

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 7 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Gnáthleibhéal

Dé hAoine, 7 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:20

400 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)

Is féidir an tríú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá gach ceist ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Oileán an tSéipéil (*Chapel Island*)
- Limistéar ina bhfuil foraois bhuaircíneach ar an taobh thiar thuaidh den léarscáil
- An pointe **is airde** ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis
- Cúrsa Abha Mheáin (*Owvane River*) ó W 031 556 go dtí an t-imeallbhord.

**[30m]**

### 1B. Bolcáin

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bholcáin.
(ii) Déan plé ar thionchair dhearfacha bolcán.
(iii) Déan plé ar thionchair dhiúltacha bolcán.

**[40m]**

### 1C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla


Scrúdaigh an dóigh a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Teicteonaic Plátaí




Curtha in oiriúint ó www.seismo.ethz.ch

Scrúdaigh léarscáil an domhain thuas ina dtaispeántar teorainneacha plátaí agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) An bhfuil na plátaí ag imbhualadh lena chéile **nó** ag scaradh óna chéile ag **A**?

(ii) Ainmnigh an **dá** phláta atá le fáil ar an dá thaobh den teorainn plátaí a bhfuil an lipéad **A** uirthi.

(iii) Cén cineál teorann plátaí atá le feiceáil ag **B**?

(iv) Ainmnigh an pláta is faide ó dheas atá lipéadaithe ar an léarscáil.

(v) Ainmnigh an droim aigéin a ritheann feadh na teorann plátaí ag **C**.

(vi) Mínigh go hachomair an dóigh ar foirmíodh an droim seo.

(vii) Mínigh go hachomair an próiseas ar a dtugtar *fodhuchtú*.

**[30m]**

### 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

**2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**


Tabhair cur síos agus míniú ar idirghníomhaíocht an duine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt á déanamh agat do **cheann amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Próisis Dromchla




Curtha in oiriúint ó www.earthobservatory.nasa.gov agus www.nationalgeographic.org

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** ar na fótagraif thuas leis an ngné is fearr a mheaitseálann í sa liosta thíos:

- Sliabhraon
- Oileán bolcánach
- Scoiltghleann.

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B** agus **C** ar na fótagraif thuas, leis an bpróiseas is mó a luaitear lena fhoirmiú sa liosta thíos:

- Fuarú laibhe
- Filleadh
- Éascadh.

(iii) Ainmnigh próiseas **amháin** a bhaineann le síonchaitheamh fisiciúil/meicniúil.

(iv) Ainmnigh sliabhraon **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(v) Mínigh go hachomair an próiseas ar a dtugtar *filleadh*.

**[30m]**

### 3B. Tírdhreacha Carstacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thírdhreach carstach.

(ii) Mínigh, le cuidiú léaráide, an dóigh ar foirmíodh gné **dhromchla amháin** i dtírdhreach carstach.

(iii) Mínigh, le cuidiú léaráide, an dóigh ar foirmíodh gné **faoi thalamh amháin** i dtírdhreach carstach.

**[40m]**

### 3C. Carraigeacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig **agus** luaigh suíomh **amháin** ina bhféadfaí é a fháil.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a bhfoirmítear bruthcharraigeacha.

**[30m]**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Réigiún in Éirinn**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Réigiún **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air
- Abhainn **amháin** ainmnithe sa réigiún sin
- Baile mór ainmnithe **amháin** nó cathair ainmnithe **amháin** sa réigiún sin
- Limistéar ainmnithe rilífe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún sin.

**[30m]**

**4B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt á déanamh agat do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach (nach bhfuil san Eoraip)** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na fáthanna a bhfuil an réigiún mealltach do **thurasóirí**
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Forbairt ar **chúrsaí iompair** sa réigiún.

**[40m]**

**4C. Fairsingiú an Aontais Eorpaigh**


(i) Ainmnigh **dhá** thír a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach ó rinne Éire amhlaidh in 1973.

(ii) Mínigh na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le fairsingiú an Aontais Eorpaigh ó thaobh na hÉireann de.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. An Turasóireacht in Éirinn




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina dtaispeántar eolas faoi chuairteoirí go hÉirinn i mí an Meithimh 2023 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad eachtrannach a chuir a dturas thar oíche go hÉirinn i gcrích i mí an Mheithimh 2023?

(ii) Cén fáth ar tháinig 42.6% de na cuairteoirí?

(iii) Cá fhad a mhair an ghnáthchuairt?

(iv) Cé mhéad (in €) a chosain an ghnáthchuairt?

(v) Ríomh an céatadán iomlán de chuairteoirí a tháinig as an mBreatain Mhór agus as na Stáit Aontaithe le chéile.

(vi) Ainmnigh **dhá** ní in Éirinn ar díol spéise iad do thurasóirí.

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann geilleagar na hÉireann as an turasóireacht.

**[30m]**

**5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún san Eoraip**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **san Eoraip** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo sa réigiún sin.

**[40m]**

**5C. Réigiúin Uirbeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar cheantar uirbeach **amháin** ar bith in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 6

### 6A. Dífhostaíocht san Eoraip

An Céatadán de Dhaoine a bhí Dífhostaithe in 2010, 2016 agus 2022 i dTíortha roghnaithe san AE

| | Éire | An Spáinn | An Ghréig | An Ghearmáin | An Pholainn | An Iodáil |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2010** | 15.7% | 20.4% | 14.9% | 6.1% | 9.8% | 8.2% |
| **2016** | 8.8% | 18.6% | 23.7% | 3.7% | 5.5% | 11.8% |
| **2022** | 6.1% | 13.0% | 11.6% | 3.0% | 2.8% | 7.9% |

Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe i dtíortha roghnaithe san AE in 2010, 2016 agus 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina raibh an céatadán ab airde de dhaoine dífhostaithe in 2010?

(ii) Cén céatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe sa Pholainn in 2022?

(iii) Cén **dá** thír ina raibh méadú ar an gcéatadán de dhaoine a bhí dífhostaithe ó 2010 go 2016?

(iv) Ríomh an laghdú ar an gcéatadán de dhaoine dífhostaithe in Éirinn idir 2010 agus 2022.

(v) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le leibhéal ard dífhostaíochta.

(vi) Mínigh go hachomair bealach **amháin** chun leibhéil dífhostaíochta a laghdú.

**[30m]**

### 6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tagairt agat do réigiún in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil seo sa réigiún sin.

**[40m]**

### 6C. Coincheap an Réigiúin

Tabhair cur síos agus míniú, ag baint úsáid as samplaí, ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha réigiúin atá liostaithe thíos:

- Réigiúin aeráide
- Réigiúin gheomoirfeolaíocha
- Réigiúin chultúrtha sainmhínithe ag teanga
- Réigiúin chultúrtha sainmhínithe ag reiligiún.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bheanntraí a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing tsracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Séipéal
- Ceantar tionsclaíoch sa tulra láir
- Carrchlós
- Ceantar talmhaíochta sa talamh láir ar dheis.

**[30m]**

**7B. Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta amháin a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus cuir in iúl cén áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta sin lonnaithe.

(ii) Ainmnigh amhábhar amháin a bhíonn á úsáid ag an gcuideachta ilnáisiúnta sin agus ainmnigh táirge amháin a dhéanann an chuideachta ilnáisiúnta sin.

(iii) Mínigh na buntáistí a bhaineann an chuideachta ilnáisiúnta sin as a bheith lonnaithe in Éirinn.

(iv) Mínigh deacracht amháin atá roimh an gcuideachta ilnáisiúnta sin san am atá le teacht.

**[40m]**

**7C. Éire agus an tAontas Eorpach**


(i) Ainmnigh polasaí **amháin** de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil tionchar aige ar gheilleagar na hÉireann.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na tionchair a bhíonn ag polasaí/polasaithe an Aontais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Trádáil na hÉireann




Scrúdaigh an phíchairt thuas ina dtaispeántar cinn scríbe earraí a easpórtáladh as Éirinn in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ar easpórtáil Éire 7% de na hearraí chuici?
(ii) Cén céatadán de na hearraí a cuireadh go dtí an Ríocht Aontaithe?
(iii) Ríomh **X**, an céatadán d'earraí a chuaigh go dtí an ceann scríbe "Eile".
(iv) Cén tír a ghlac isteach an líon ba mhó earraí as Éirinn in 2021?
(v) Ainmnigh **dhá** earra a easpórtáiltear as Éirinn.
(vi) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann geilleagar na hÉireann as easpórtálacha.
(vii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil líon na n-earraí a easpórtáiltear go dtí an Ríocht Aontaithe tar éis titim ó 2020.

**[30m]**

### 8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil mar thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.
(ii) Mínigh cúiseanna **agus** tionchair an truaillithe comhshaoil seo.
(iii) Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfaí truailliú seo an chomhshaoil a laghdú.

**[40m]**

### 8C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha

Tabhair cur síos agus míniú ar fhorbairt **ceann amháin** díobh seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Tionscail seirbhísí agus tionscail gan chuing.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Forbairt Gheilleagrach

**An Fás (%) ar OTI**
**i dTíortha Roghnaithe in 2021**

| Tír | Fás (%) ar OTI |
|---|---|
| An Ghuáin | 20 |
| Éire | 14 |
| An India | 9 |
| An tSín | 8 |
| Na Stáit Aontaithe | 6 |

Curtha in oiriúint ó www.imf.org

Scrúdaigh na sonraí thuas a bhaineann leis an bhfás (%) ar an OTI i dtíortha roghnaithe in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair tairbhe **amháin** a bhaineann tír as an bhfás geilleagrach.

**[30m]**

### 9B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo. Tá sé molta óstán nua a thógáil ag an bpointe V 998 506.

(i) Tabhair cur síos agus míniú ar na buntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

(iii) Ag baint úsáid as tagairt eangaí sé fhigiúr, mol suíomh eile don óstán nua **agus** mínigh go hachomair cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh eile sin.

**[40m]**

### 9C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint

(i) Ainmnigh sampla **amháin** den dóigh inar tharla coimhlint idir daoine mar thoradh ar fhorbairt ar ghníomhaíochtaí geilleagracha.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcoimhlint sin.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing tsracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- Limistéar de lonnaíocht chnuasta
- Limistéar de lonnaíocht líneach
- Galfchúrsa
- An bóthar réigiúnach R584.

**[30m]**

**10B. Imirce – ó Cheantar Tuaithe go Ceantar Uirbeach**

(i) Luaigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce sin ar na ceantair uirbeacha a dtéann daoine ar imirce chucu.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce sin ar na ceantair thuaithe a fhágann siad ina ndiaidh.

**[40m]**

**10C. Daonra**

'Bíonn tionchar ag a lán tosca ar rátaí breithe agus ar rátaí báis agus ina measc sin tá leibhéil ioncaim, cultúr agus sochaí agus teicneolaíocht an leighis'.

Tabhair cur síos agus míniú ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar rátaí breithe agus ar rátaí báis.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Daonra

**Céatadán den Daonra os cionn 65 de réir Ilchríche in 2018**

| Ilchríoch | An Céatadán den daonra os cionn 65 |
|---|---|
| Meiriceá Thuaidh | 15% |
| Meiriceá Theas | 8% |
| An Afraic | 3% |
| An Eoraip | 18% |
| An Áise | 8% |

Curtha in oiriúint ó www.visualcapitalist.com

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an céatadán den daonra a bhí os cionn 65 de réir ilchríche in 2018 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair tionchar **amháin** a bhíonn ann nuair atá céatadán ard den daonra os cionn 65.

**[30m]**

### 11B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

(ii) Mínigh na cúiseanna atá le fás tapa na cathrach sin sa domhan atá i mbéal forbartha.

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a thagann leis an bhfás tapa seo.

(iv) Mínigh réiteach **amháin** ar na fadhbanna sin.

**[40m]**

### 11C. Forbairt Lonnaíochtaí Uirbeacha

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar forbraíodh baile Bheanntraí ar an suíomh sin agus bain úsáid as fianaise san aerfótagraf chun tacú le gach ceann de na cúiseanna.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Fás Uirbeach

Na Bailte is mó in Éirinn de réir Daonra 2011-2022

| Baile Mór | 2011 | 2016 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Droichead Átha | 38,578 | 40,956 | 44,135 |
| Dún Dealgan | 37,816 | 39,004 | 43,112 |
| Sord | 36,924 | 39,248 | 40,776 |
| An Uaimh | 28,559 | 30,173 | 33,886 |
| Bré | 31,872 | 32,600 | 33,512 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas faoi na bailte ba mhó in Éirinn in 2011, 2016 agus 2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén baile ba mhó in Éirinn in 2022?
(ii) Cén daonra a bhí i Sord in 2016?
(iii) Cén baile ina raibh daonra níos lú ná 30,000 in 2011?
(iv) Ríomh an fás a tháinig ar dhaonra Dhún Dealgan ó 2011 go 2022.
(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis an bhfás ar dhaonra na mbailte sa tábla thuas.
(vi) Mínigh go hachomair tionchar **amháin** a bhíonn ag an bhfás i ndaonra na mbailte sin.

**[30m]**

### 12B. Feidhmeanna Uirbeacha

(i) Ainmnigh limistéar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.
(ii) Ainmnigh **dhá** fheidhm ar bith atá ag an limistéar sin.
(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh ar athraigh feidhmeanna an limistéir uirbigh sin le himeacht aimsire.

**[30m]**

### 12C. Dáileadh Lonnaíochta

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil **easpa** lonnaíochta.
(ii) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, an fáth a bhfuil **easpa** lonnaíochta sa suíomh sin.
(iii) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard**.
(iv) Mínigh go mionsonrach, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, an fáth a bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard** sa suíomh sin.

**[40m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ní chuirfear an doiciméad seo ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ní chuirfear an doiciméad seo ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ní chuirfear an doiciméad seo ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine, 7 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12.20